Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024
(OR. en)

6167/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0385(COD)**

CODEC 294
EF 33
ECOFIN 124

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 25 Samhain 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 1 Meitheamh 2022[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Márta 2022[3].

4. An 16 Eanáir 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle[4].

[1] 14382/21 + ADD1-3.
[2] IO L 286, 27.7.2022, lch. 17.
[3] IO L 290, 29.7.2022, lch. 68.
[4] 5416/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 63/23, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.